Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Márta 2017 (OR. en)**

**6851/17**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2016/0131 (COD)**
**2016/0132 (COD)**
**2016/0133 (COD)**
**2016/0222 (COD)**
**2016/0223 (COD)**
**2016/0224 (COD)**
**2016/0225 (COD)**

**ASILE 9**
**ASIM 19**
**CSC 55**
**EURODAC 7**
**ENFOPOL 95**
**RELEX 194**
**CODEC 298**

## NÓTA

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8715/1/16 REV 1 ASILE 11 CODEC 613<br>11318/1/16 REV 1 ASILE 28 CODEC 1078<br>11316/16 ASILE 26 CODEC 1076 + ADD 1<br>11317/16 ASILE 27 CODEC 1077 + ADD 1 + ADD 2<br>8765/1/16 REV 1 ASILE 13 EURODAC 3 ENFOPOL 132 CODEC 630<br>8742/16 ASILE 12 CODEC 619<br>11313/16 ASIM 107 RELEX 650 COMIX 534 CODEC 1073 |
| Ábhar: | **Athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus ar an Athshocrú**<br>– **Baile Átha Cliath**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (An chéad léamh)<br>– **Coinníollacha glactha**: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin chun glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (athmhúnlú) (An chéad léamh)<br>– **Cáilitheacht**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (An chéad léamh)<br>– **Nós imeachta**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear 2013/32/AE (An chéad léamh)<br>– **Eurodac**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach [Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] chun náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach sa stát a shainaithint agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí (athmhúnlú)<br>– **EASO**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (An chéad léamh)<br>– **Creat Athshocraíochta**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Creat Athshocraíochta an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (An chéad léamh)<br>= Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

Ar an 4 Bealtaine 2016, faoi chuimsiú an athchóirithe ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS), ghlac an Coimisiún trí thogra reachtacha, eadhon an t-athmhúnlú ar Rialachán Bhaile Átha Cliath agus ar Rialachán EURODAC, agus togra le haghaidh Rialachán maidir le bunú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA). Ina theannta sin, ar an 13 Iúil 2016, d'fhonn leanúint leis an athchóiriú ar CEAS, ghlac an Coimisiún an dara pacáiste ina raibh togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann san Aontas a thiocfaidh in ionad na Treorach maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn, togra le haghaidh Rialachán maidir le Cáilitheacht a thiocfaidh in ionad na Treorach maidir le Cáilitheacht agus an t-athmhúnlú ar an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha. Lena chois sin, tíolacadh freisin togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Creat Athshocraíochta an Aontais.

Tá na tograí thuasluaite á scrúdú anois ag Uachtaránacht Mhálta, obair ar chuir Uachtaránacht na Slóvaice tús léi. Seo a leanas achoimre ar an obair sin:

## II. CUR CHUIGE TÉAMACH

Ó tharla go bhfuil baint ag roinnt de na saincheisteanna atá sna tograí éagsúla lena chéile, is é sin le rá an togra le haghaidh Rialachán maidir le Cáilitheacht, an togra le haghaidh Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn, an togra le haghaidh Treoir maidir le Coinníollacha Glactha agus an togra maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath, chinn an Uachtaránacht cur chuige téamach a ghlacadh, rud a d'fhág gur scrúdaíodh ar bhonn comhpháirteach airteagail áirithe sna ceithre thogra sin. Baineadh leas as an gcur chuige sin chun trí théama shonracha chothrománacha a scrúdú:

- Srian a chur ar mhí-úsáid agus ar ghluaiseachtaí tánaisteacha;
- Cearta socheacnamaíocha iarrthóirí tearmainn agus tairbhithe na cosanta idirnáisiúnta;
- Ráthaíochtaí a thabhairt dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Chuir sin ar chumas na Meithle um Thearmann aghaidh a thabhairt ar mhórábhair imní sna réimsí uile agus druidim le comhréiteach críochnaitheach a mbeadh an chothromaíocht chuí ann.

## III. RIALACHÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

Faoi mar a d'iarr an Chomhairle Eorpach ag teacht le chéile di an 15 Nollaig 2016, agus ag tógáil ar an obair a rinne Uachtaránacht na Slóvaice, lean Uachtaránacht Mhálta leis an bpróiseas chun teacht ar chomhréiteach maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach phrionsabail na freagrachta agus na dlúthpháirtíochta trí chomhairliúcháin neamhfhoirmiúla a bheith aici leis na Ballstáit. Táthar ag súil go dtosóidh comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle ar an togra a scrúdú arís tar éis dóibh treoir bhreise a fháil ar an leibhéal polaitiúil maidir leis an mbealach chun cinn. Idir an dá linn, scrúdaíodh airteagail áirithe de Rialachán Bhaile Átha Cliath faoi chuimsiú an chur chuige théamaigh, mar a sonraíodh thuas.

## IV. AN TREOIR MAIDIR LE COINNÍOLLACHA GLACTHA

Le linn Uachtaránacht na Slóvaice, rinne an Mheitheal um Thearmann an chéad scrúdú ar an togra le haghaidh athmhúnlú ar an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha. Scrúdaíodh airteagail éagsúla den Treoir sin faoi chuimsiú an chur chuige théamaigh a luaitear thuas, agus phléigh an Mheitheal um Thearmann téacs athbhreithnithe ar an 16 Márta.

Léiríodh sa phlé a rinneadh maidir le tograí comhréitigh na hUachtaránachta go bhfuiltear ar aon intinn faoi go leor gnéithe den togra. Ach ní mór gnéithe tábhachtacha áirithe a phlé arís, eadhon na forálacha a bhaineann leis an teacht atá ag iarratasóirí ar thearmann ar mhargadh an tsaothair, agus bearta atá dírithe ar ghluaiseachtaí tánaisteacha a chosc, lena n-áirítear sainchónaí a shannadh, an choinneáil agus coinníollacha glactha ábharacha a laghdú agus a tharraingt siar. Ina theannta sin, beidh an dul chun cinn a dhéanfar maidir le saincheisteanna áirithe atá fós gan réiteach ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfar agus tograí eile CEAS á gcaibidil, go háirithe Rialachán Bhaile Átha Cliath agus an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn.

## V. AN RIALACHÁN MAIDIR LE CÁILITHEACHT

Pléadh téacs an togra le haghaidh Rialachán maidir le Cáilitheacht ag cúig chruinniú de chuid na Meithle um Thearmann, agus pléadh na dréacht-tograí comhréitigh ina dhiaidh sin. Ag an am céanna, pléadh airteagail áirithe faoi chuimsiú an chur chuige théamaigh.

Ní mór saincheisteanna áirithe a phlé níos mine, eadhon: ról an chaomhnóra ag féachaint d'fhorálacha comhchosúla i dtograí eile a dhéanann suas pacáiste CEAS; an tréimhse trí mhí tar éis stádas an dídeanaí/stádas na cosanta coimhdí a tharraingt siar, ar tréimhse í ar féidir le duine fanacht sa Bhallstát sin a bhfuil an chosaint á deonú aige dó/di; cineál éigeantach an athbhreithnithe ar an stádas agus cineál éigeantach an chlásail aisdúichithe; an leas a bhaintear as an bhfaisnéis a fhaightear ó Bhallstát eile chun an bhagairt a bhaineann le hiarratasóir a mheas a mhéid a bhaineann le slándáil an Bhallstáit ina bhfuil sé nó sí nó a mhéid a bhaineann le pobal an Bhallstáit sin; agus an bealach is fearr is féidir an cásdlí is déanaí maidir le forais sceimhlitheoireachta a léiriú, lena ndíolmhaítear duine ó stádas dídeanaí.

Bhí dhá shaincheist eile a bhí an-íogair freisin agus ní mór iad siúd a phlé arís: tréimhse bailíochta an cheada cónaithe a eisítear do thairbhithe an stádais dídeanaí agus do thairbhithe na cosanta coimhdí agus ábhar na slándála sóisialta agus an chúnaimh shóisialta (na cearta agus na sochair is féidir a dheonú do na tairbhithe) mar aon leis an sainmhíniú ar an tslándáil shóisialta agus ar an gcúnamh sóisialta sin. Ó tharla go bhfeictear do Bhallstáit áirithe gur dhá ghné mhóra iad tréimhse bailíochta an cheada cónaithe agus na forálacha maidir leis an tslándáil shóisialta a éascaíonn gluaiseachtaí tánaisteacha agus an tsiopadóireacht tearmainn, tá sé ar cheann de phríomhthosaíochtaí na dtograí ón gCoimisiún an dá ghné sin a chomhchuibhiú.

Leis an bplé a rinneadh ar leibhéal na Meithle agus i dtionól an Choiste Straitéisigh um Inimirce, um Theorainneacha agus um Thearmann (SCIFA) maidir le tréimhse bailíochta an cheada cónaithe le haghaidh dídeanaithe agus tairbhithe na cosanta coimhdí, léirítear gur mór an difear atá idir na réitigh dhlíthiúla atá á nglacadh ag na Ballstáit sa réimse sin agus go gcaithfear, dá bhrí sin, féachaint arís ar an ábhar sin agus é a phlé arís chun an bealach is fearr chun cinn a aimsiú.

## VI. AN RIALACHÁN MAIDIR LEIS AN NÓS IMEACHTA

Leanadh den scrúdú ar an togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn agus pléadh dréacht-tograí comhréitigh le haghaidh na n-airteagal sin a áirítear faoi chuimsiú an chur chuige théamaigh. Ba dhúshlán mór iad na forálacha a bhaineann le hiarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu (mionaoisigh neamhthionlactha agus caomhnóireacht, scrúdú dochtúra, iarratais arna ndéanamh ag mionaoisigh neamhthionlactha) go háirithe maidir le hábhar, comhordú agus comhtháthú le forálacha comhchosúla i dtograí eile den phacáiste. Dá bhrí sin, leag na toscaireachtaí béim ar an ngá atá leis na nósanna imeachta, an amlíne, na róil agus na cúraimí dá bhforáiltear sna tograí éagsúla a shruthlíniú ar bhealach níos fearr. Ina theannta sin, bhí imní ar roinnt toscaireachtaí faoi fhorálacha áirithe arb éard is aidhm dóibh gluaiseachtaí tánaisteacha a theorannú agus, dar leo, ar mainníodh leo an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir mí-úsáid a chomhrac agus cosaint a dheonú nuair is gá.

## VII. RIALACHÁN EURODAC

Tar éis an chomhaontaithe maidir leis an gcur chuige ginearálta páirteach i mí na Nollag 2016, tá an Chomhairle anois ag feitheamh go dtí go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh sula gcuirfidh sí tús le caibidlíocht maidir leis an Rialachán athmhúnlaithe[1]. Ar bhonn measúnuithe arna ndéanamh ag eu-LISA maidir le cóipeanna daite de dhoiciméid taistil a chur sa bhunachar sonraí agus, chomh maith leis sin, maidir leis an deis a bheith ag na húdaráis forfheidmithe dlí EURODAC a chuardach trí shonraí alfa-uimhriúla a úsáid, breithneoidh comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle an bhféadfaí an sainordú don chaibidlíocht maidir leis an dá ábhar sin, nár cuireadh san áireamh sa chur chuige ginearálta páirteach, a fhadú. Ina theannta sin, tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht tús a chur go luath le plé maidir le sonraí faoi dhaoine athshocraithe a áireamh sa togra seo.

[1] Meastar faoi láthair go ndéanfar vótáil ar an dréacht-tuarascáil i gCoiste LIBE ar an 30 Márta 2017.

## VIII. <u>RIALACHÁN EUAA</u>

Tar éis teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta páirteach sa Chomhairle ar an 21 Nollaig 2016, chuir an Uachtaránacht tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i mí Eanáir 2017. Tionóladh dhá cheann de chruinnithe tríthaobhacha neamhfhoirmiúla go dtí seo, ar an 7 Feabhra agus ar an 8 Márta. Tá an tríú ceann le bheith ar siúl ar an 21 Márta. Tionóladh cruinnithe teicniúla éagsúla mar ullmhúchán do na cruinnithe tríthaobhacha neamhfhoirmiúla sin. Faoi chuimsiú na Comhairle, thionól an Uachtaránacht roinnt cruinnithe de chuid Chomhairleoirí CGB chun tuairimí na mBallstát a lorg maidir le leasuithe Pharlaimint na hEorpa agus maidir leis na moltaí comhréitigh a d'fhéadfaí a dhéanamh freisin.
Le linn an chéad chruinnithe thríthaobhaigh, rinne an Uachtaránacht agus Rapóirtéir Pharlaimint na hEorpa a gcuid seasamh faoi seach maidir le 'Faireachán', 'Eagrú na Gníomhaireachta', agus 'Cúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil' a chur i láthair go ginearálta. Rinne na hidirbheartaithe plé níos doimhne ar Airteagal 1 (*Ábhar agus raon feidhme*) agus ar Airteagal 2 (*Cúraimí na Gníomhaireachta*).

Dealraíonn sé, i bhfianaise an phlé sin, go measann an Pharlaimint go bhfuil sé an-tábhachtach go dtreiseofaí go mór ról na Gníomhaireachta agus go mbeadh sí níos neamhspleáiche cé gur mó béime a leagann an Chomhairle ar a thábhachtaí atá dea-chaidreamh comhair idir an Ghníomhaireacht agus na Ballstáit chomh maith leis an tacaíocht a thugann an Ghníomhaireacht dóibh agus a gcuid oibleagáidí á gcomhlíonadh acu, oibleagáidí a eascraíonn ó acquis tearmainn an Aontais. Ina theannta sin, rinne na hidirbheartaithe roinnt téacsanna a dréachtaíodh ar an leibhéal teicniúil a chomhaontú ad referendum.

Le linn an dara cruinniú tríthaobhach, bhí plé cuimsitheach ag na hidirbheartaithe ar 'Cúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil', a lean ar aghaidh ar an leibhéal teicniúil. Chuir na hidirbheartaithe a gcuid tuairimí i láthair freisin maidir le hAirteagal 22 i ndáil le brú díréireach ar na córais tearmainn agus ghlactha. Tar éis an chur i láthair sin, socraíodh go bpléifí an t-airteagal ar leith sin i gcomhthéacs ról faireacháin na Gníomhaireachta.

Tá sé i gceist ag an Uachtaránacht agus ag Parlaimint na hEorpa cruinnithe teicniúla éagsúla a thionól go luath amach anseo agus é mar aidhm an dul chun cinn is mó is féidir a dhéanamh maidir leis an gcomhad sin roimh dheireadh mhí an Mheithimh. Ina theannta sin, thionól an Uachtaránacht roinnt cruinnithe déthaobhacha leis na Ballstáit i ndáil lena ngealltanais maidir leis an díorma cúltaca um thearmainn chun an sprioc de 500 saineolaí ar a laghad, a leagtar amach i gcur chuige ginearálta páirteach na Comhairle, a bhaint amach.

## IX. AN RIALACHÁN MAIDIR LE hATHSHOCRÚ

Ar an 17 Eanáir 2017, chuir an Mheitheal um Thearmann bailchríoch ar an gcéad scrúdú mionsonraithe, airteagal i ndiaidh airteagail, a rinneadh ar an togra maidir le bunú Chreat Athshocraíochta an Aontais. Rinneadh an dara babhta den scrúdú ar an togra, inar áiríodh roinnt moltaí comhréitigh ón Uachtaránacht, ar an 2 Márta 2017. Tá sé beartaithe leagan leasaithe den téacs a phlé ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an Meitheal um Thearmann ar an 4-5 Aibreán 2017.

Ba dhíol sásaimh, i gcoitinne, cuspóirí an togra do na toscaireachtaí, rud a chuir siad in iúl le linn an phlé, ach tá roinnt forchoimeádas grinnscrúdaithe ann fós maidir leis an téacs. Áirítear ar na príomhábhair imní a chuir na Ballstáit in iúl nach mór a rá go soiléir sa Rialachán gur de chineál deonach é an t-athshocrú; an sainmhíniú ar athshocrú agus an fhéidearthacht foirmeacha eile den ligean isteach daonnúil a chuimsiú; Daoine Easáitithe ina dTír féin (IDPanna) a áireamh i raon feidhme an togra; na critéir inghlacthachta agus an nós imeachta a úsáidfear le haghaidh athshocrú. Léirigh toscaireachtaí éagsúla go bhfuil imní orthu go pointe áirithe maidir le sainchumais bheartaithe an Choimisiúin lena gceadófar dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun gnéithe áirithe den nós imeachta a fhorlíonadh.

## X. CONCLÚID

Iarrtar ar COREPER agus ar an gComhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá n-aire.